## XXI.

Chroum shé er únhirt agus er chiceáil agus er ghórnáil. Nuer a ví Maritórnés a iáil na nóirni agus na giceana hug shí uehi dóirni agus ciceana go mear agus go láidir. Eatarha fén a b'eár é. Nuer a fuer an cairéary go roiv an mórnán doirtihi ví shé er buili. Chroum shé er ghváil er an roduiri do chiceanuiv agus do ghóirniv. Ní roiv shé sásda le ciceanuiv agus le dóirniv. Do léim shé anáirdi er chorp an duin'uasil agus chroum shé er ghváil do chosiv aun. Do ghluesh an dá hrosdán ós na cherhi clárachuiv agus shúd idir leabuig agus cláracha agus roduiri agus cairéary anuas er an úrlár a n-éneacht. Do chrih an lochda go lér lesh shin. D'airig fear a tí an foharam. Shúd a teacht tríd a bóirshi é agus solas ige. Háini shé ishdeàch. Chnuic shé a roiv sa n-áit a gváil shdeala er a chéli. Do riug shé er a gairéary agus ví shé a diaruig Don Cíchótè do chosint er. Ví an cairéary ró-láidir dò. Chnuic shé Maritórnés haul agus í fén agus Santsho a gváil er a chéli. Shúd anún é. "Shgili ort, a hoici," er shishan, "is tusa fé neár an obuir sho! Cé hug an mórnán so ansò!" er shishan nuer a vuel a chos a guingiv an vórnáin. Chroum shé chun an vórnáin a hóguint. Le líng croma ghò do hit an chuingeal ueg agus do múchag í. Hug shé snap, er cheaun Varitórnés, dar lesh. Ní her a ceaun do riug shé âfach, ach er cheaun Hantsho. Chroum shé er Santsho do liàsa, mar cheap shé gur v'í Maritórnés a ví ige. Croum Maritórnés er ishan do liàsa mar cheap shí gur v'é Santsho a ví icì. Ví gachara muili ig Santsho orha arän. Do hála go roiv duini des na bráirhiv beanuihi a teacht chun a tí le líng na hueri shin. Ví shé er hóir bihúnuig a ví tar ésh iàló as a brisún. D'airi shé an t-érleach foharuim er an lochda. "Ish é shúd atá aun gan âuras," er shishan, "agus is âuluig atá fear a tí diaruig greama chimeád er!" Do rih shé ishdeàch. D'airi shé an foharam er an lochda. Shúd fé ghén an oharuim é. Háini shé ishdeàch er an lochda. "Fógruim dlí na rychda oruiv go lér!" er shishan. "Duini des na bráirhiv ish ea mi!" Ní roiv än liàs soluish san-áit an uer shin. Chroum an bráhir er útamáil sa doirihacht. Do reáinig dò, sa n-útamáil, gur rug shé greim er iàsóig fir a ví shínti er a ghroum er a dalav. "Eirig as sùn," ersan bráhir, "agus couruig lium chun na dlí chur a veim!" Níor chuir an té nar lesh an iàsóg cor dè. Vuin an bráhir cúpala croha as a viàsóig. "Dúntar na dóirshi!" er shishan. "Ná leogtar än duini amàch! Tá duini marav ansò!" Do sdad an foharam láirhach. D'iàluig fear a tí amàch agus do rih shé chun a cheómara fén agus ví shé 'na hâv-chola, mar gh'eà, gan a hili ruínish. Do rih an cairéary chun a leapan fén agus ví shé 'na chola go tapuig. D'iàluig Maritórnés amàch agus do rih shí chun a leapan fénig. Do chimeád an bráhir a ghreim er iàsóig an duini vairiv. Er iàsóig Ghon Chíchótè ish ea ví greim ige.

"Tugtar solas chúm!" er shishan, "agus dúntar na dóirshi! Tá droh-obuir diànta ansò! Tá duini marav ansò. Cafar greim áil er an té ghin an gniov so!"

Níor hug éngi än reagara er. Níor ghó le-huini go roiv éngi beó sa n-áit ach é fén. Do sguil shé ueg an iàsóg agus d'imi shé a lorag soluish. Ní roiv an solus le fáil. Hug fear a tí tou an aireàchuish na bèach. Do vúch shé gahän laumpa 'nar iad shé teacht er agus gahän chuingeal agus do riug shé lesh iad. B'égean don vráhir dol go dí an tintéan mar a roiv an tini coigilti. Tar ésh sím ayimshiri d'iad shé smiàróid áil agus í hédi agus laumpa nú cuingeal do lasa. Ví shé tamal mah a casa lesh an méd shin a ghiànav sar a dáinig lesh. Ní roiv shé avàd imihi ón lochda nuer a hosanuig Don Cíchótè er hacht chuigi fén. Do louir shé, go tréh.

"A Hantsho, a vráhir," er shishan, "a vuilean tú at chola?

"Am briahar fén ná fuilim, a váishdir," ers a Santsho. "Ochón, ochón!" er shishan, "ní dó lium go vuil dial a n-ifirean ná fuil bailihi san-áit sho!"

"Go dein fén, a Hantsho," ersa Don Cíchótè, "ní mishdi ghoit shin a reá. Tá an cuishleán so fé ghrycht nú níl léan ná ólas agùmsa. Ésht lium, a Hantsho," er shishan, "go n-ínshad mo shgiàl doit, ach ní fláir dom er dúsh an leour a chur ort ná tráchtuir chuíhi amàch as do viàl le hän duini beó er an rod atá agùm le hínshint doit, go dí tar ésh mo váish."

"Tá go mah, a váishdir," ersa Santsho, "dar an leour so ní hráchtad!"

"Ní fláir dom an leour do chur ort, a Hantsho," ersa Don Cíchótè, "le hagala go niànhing díováil clú d'éngi."

"Ná derim leat go vuilim á ghearavú ghoit, a váishdir," ersa Santsho, "ná tráchtad er go dí tar ésh váish dot'onóir, agus tá súil le Dia agùm ná beg oram é chimeád avàd gan ínshint."

"A vuil iread sun dihinish ort lium' bás!" ersa Don Cíchótè agus úna er.

"Ní hé shin é, a váishdir," ersa Santsho, "ach is duini mi ná fiadan rún a chimeád avàd. Do sgoilhach oram dá gahing rún a chimeád avàd!"

"Is cuma sun, a Hantsho," ersa Don Cíchótè, "tá úntuív agùm asat agus tá's agùm gur b'ionúin leat mi agus neósad an rún doit. Do hárla ní uhásach dôsa anocht, a Hantsho. Ní rous avàd tar ésh luiti anso er a leabuig chrueg sho nuer a háinig chúm ishdeàch tríd a bóirshi shin an ríogan chailci ba vreáha dá veaca ryav am' húiliv cíng. Ví cosûlacht vuar icì le hinion ry an chuishleáin sho. Ní eadar ar v'í í nú nár v'í. Nuer a vís a cayint lé vís á chuíneav nár rygan hälta inéachor í, ach gur v'aingeal í a háinig chúm chun mi gh'uasguilt ón driubalóid sho atá oram mar gheaul er a matarái úd a hug na gráséri gliom. Níor tugag uen di, âfach, er fuíng tairifi ghiànav dom. Ní roiv puíng cayinti diànta aguíng lena chéli nuer a vuel rod égin ná feaca buili ghoran ishdeàch sa viàl oram a dreó gur shíneag er fleasc mo ghroma mi agus gur buineag mo veauir hälta ghiom! Fahàch drychda égin a vuel an buili shin oram gan âuras. Fear cosanta a b'ea é, mar a higim, don ríoguin a ví a cayint lium. Ish é cúsh nár iadas é gh'ishgint ná é veh fé ghrycht. Is gnáh fahig den tórd a veh fé ghrycht."

(*Ní críoch*).

# XXV.

Ach ish é rod atá agùm á chuineav, a ghuin'uasil, ná, má leanuimid puíng eli ayimshiri a lorag na n-iàcht so aderirshi, agus má vuelean puíng eli des na matalúngguiv seo umuing, a n-inead na n-iacht atá ueng, go memíd a dreó, er baul, ná hailhineimíd ceocu is shing nú nách ea ach duíni égin eli. Ish é mo huerim láidir nár v'eara ghúing rod a ghiànhimísh ná úmpáil a vaili. Ta an fôr aun agus an vuent le diànav. B'earag húing veh a túirt airi dár ngnó sa vaili ná veh a gluashacht mar sho ó áit go háit, a dol ó hig an deâuin go tig an diel."

"A Hantsho voicht," ersa Don Cíchóté, "nách minic aduart leat ná fuil tuishgint ná ólas ná brehúntas agùt ins na nihiv a vuinean lesh a roduireacht. Ésht do viàl agus bíoch foyingi agùt. Tiucuig an lá agus chíhir go silér gur gairim árd onórach gur b'ea an roduireacht. A vuil éngi er halav a dôuin is mó iatach áhas do chur er aigini an duini na bua vreh a gah, troid le nâuid agus an nâuid do chly! Níl gan âuras."

"B'édir é a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ní eadar an täl. Tá's agùm, âfach, ó hosanymuir èr mar roduireacht, nú ó hosanuig t'onóirshi er, ba cheart dom a reá, níor rugamuir bua er än nâuid, ach awáin er a Mishcéach úd. An uer shin fén, bíoch gur vueshi er shúd le neart do lâ fén do vuin shé leah na clueshi ghíot agus leah an chloguid shin er do cheaun, a ghuin'uasil. Lasmùh den méd shin níl fálta aguing ach an ili hays droh-úsáidi agus easonóra agus batarála ins gach áit 'nar hugamuir ár n-ayig; agus a deaunta an chárnáin, an cahav anáirdi úd a fuarasa, agus é áil ó ghuíniv a ví fé ghrycht, ó ghuíniv ná beg er mo chumas chuíhi é aguirt orha."

"Agus nách hin é díreach atá a brishi mo chry unam, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "gan a veh er mo chumas é aguirt orha. Ach beg sun er mo chumas feasta. Ní muar ghom clyv drychda do hláhar dom fén, clyv a vuehig er gach côcht drychda agus ná leocuig d'än drycht teacht a nguiri an té 'na meg an clyv sun gofa er. Dá mèach a lihéd am' láiv agùm ó chieniv is tapuig a veng har páili ishdeàch chúha súd agus maluirt sbóirt túrha agùm dóiv. B'édir go diucuing suas lesh a n-áit égin. Ví a lihéd ig Amadís agus is mar gheaul er a glyv sun a veh ige do hug shé mar ainim er fén "Roduiri an Chluív er Lasa." Ní roiv ig roduiri ryav clyv a b'eár ná é. Ví fär er a ghieárhach an t-aram cosanfa ba chrua, pé neart drychda a vèach aun."

"Shea, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "agus fiàch, nách dona an shgiàl agùmsa é. Má gheyn tusa an clyv sun diànha shé tairifi ghoitshi, ach ní ghiànha shé än vlúiri tairifi ghôsa mar ní roduiri mi. Ní ghiànha shé ghom ach mar a ghin an balsam."

"Ná bíoch esht ort, a ghiula. Diànhig Die rod mah ghoit fós. Ach fiàch! Cár águish an mála úd a víoch er do viàluiv agùt?" ersa Don Cíchóté.

D'iach Santsho shys er an áit 'na míoch an mála ige, er a viàluiv. Chnuic shé an áit folav. Do sdad shé.

"Ach, a ghuin'uasil," er shishan, "tá an donas er fad inish oruing! Do chimeád an fear ciotàch úd an mála a ngeaul lesh an airigead a ví igè dá éleav oruing, agus níor vohys uem é go dí gur louruish. Is dócha gur vuin an cahav anáirdi úd a lán dem' veauir díom."

Lena líng shin do sdad an roduiri. Ví bohiri muar ceóig tamal rómpa amàch, er a móhar agus é a teacht 'na dreó. Ceó bóhir a b'ea é, agus é ag eirí den vóhar, fé mar a vèach na ciàta behych nú na ciàta fear a coshycht er a móhar agus a teacht a dreó na háiti 'na roiv an vert 'na sheasav. D'iàch an roduiri er feag tamuil er a mohiri ceóig agus háinig mar vèach sähar er agus tocht agus cose anála. Do louir shé. "A ghiula," er shishan agus sranán 'na ghlór, "tá an lá taguihi fé gheri! Tá an lá taguihi 'na vicirshi cad é an gníov agus an neart atá sa láiv sho! Fiàch an bohiri ceóig shin, a Hantsho. Muarhlua anamála atá a teacht an bóhar a leh chúing fé neár an bohiri ceoig shin. Dá mefása ábalta er na leouruiv do té chífá gur slóiti muar a coshycht er bóhar a chuirean suas ceó bóhir er a guma sun. Táid shiad ansùn inish, mílti sló acù, ó gahän fáirt den dôun, agus iad a coshycht er a móhar sun a teacht 'nár dreó."

"Má sheà, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "tá ghá vuarhlua a teacht chúing. Tá bohiri muar ceóig a teacht chúing ón däv eli sho, lesh, fiàch."

D'iúmpuig Don Cíchóté. Chnuic shé an bohiri eli. Do las a ghá húil le háhas. "Is fíor! Is fíor!" ersa shishan. "Tá an shgiàl nís feár go muar ná mar a veasas! Tá an dá vuarhlua aun. Tiucuid shiad chun a chéli tímpal na háiti sho. Buelfar cah eatorha ansò."

"Agus cad is ceart dúingna ghiànav, a ghuin'uasil!" ersa Santsho.

"Cad is ceart dúing a ghiànav, a ghiula, ach an rod a ghinean roduirí fáin a gôny, pairt a ghváil lesh a däv is luigi. Shin mar a dertear ins na leouruiv. Ach ní fear léng tusa, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Fiàch, a ghiula," er shishan, "an muarhlua so atá ansò a teacht chúing ón däv so, ish é fear cing ryen atá orha ná Âuluív gan Fearan, árdry an ileáin vuer er a dugtar Tiobruid Ván. An vuarhlua so a teacht lasdiar díng, âfach, ish iad slóiti na Gárhach Mauntach iad, agus ish é Ceaun Capuil na Cuishlean atá 'na cheaun uruid orha. Tugtar Ceaun Capuil na Cuishlean er mar bíon a chuishli gheas lomarachda ige nuer a víon shé a vrighghuin caha."

"Ach cad é an chúsh atá ig an mert shin er a chéli, a ghuin'uasil?" ersa Santsho.

"Tá fuah fíochvar acù dá chéli," ersa Don Cíchóté. "Págánach maluihi ish ea an t-Auluív gan Fearan so agus tá shé a ngrá le hinín áluing atá ig Ceaun Capuil na Cuishlean. Ní húrhig fear na Cuishlean an iníon dò ach er än chuiníol awáin, shé shin go n-iúmpó shé 'na Chríosdy agus go shiànha shé credeav Vahomet."

"Dar so agus súd," ersa Santsho, "ach tá an ceart ig Fear na Cuishlean agus geódsa a fáirt chô fada agus a rayig mo neart."

"Diànhir an ceart sa méd shin, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Ní gá do ghuini veh 'na reoduiri chun páirt a ghváil lesh a geart."

(*Ni críoch*).

## XXVII.

"Ó, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ná duart leat leoguint dóiv fén, na roiv unta ach cuiri agus uen, agus ní ghiànfá rod oram!"

"Fiàch, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "nách uhásach an nàuid é sin atá agùm! Bíon shé coitianta a teacht crosda oram agus ag imirt a chuid drychda am' chuingiv, le neart iàda, nuer a chíon shé go mèach clú nú onóir le fáil agùm le bua caha nú cruachôruic! Muarhlua fear aramha a b'ea iad, ach chuir shé shúd a rocht cärach agus uan iad le drycht, mar olc oramsa. Tá bearta den tórd sun ige á ghiànav oram a gôny, an ropuiri fíl. Eirigshi er muin an asil inìsh agus lean iad agus chíhir go med shiad har n-aish 'na rocht fén irísh agus gur muarhlua fear aramha iad, díreàch mar aduart leat. Ach ná lean iad go fóil. Tá rod agùt le diànav dôsa sar a leanúir iad. Tar ansò agus fiàch a viadfá a ghiànav amàch an mó fiacal atá buinti asam."

Do leah Don Cíchóté a viàl chô leahan agus d'iad shé é. Do chroum Santsho anuas agus chuir shé a húili chun an vél, agus ví shé a d'iaruig a ghiànav amàch an mó fiacal a ví imìhi. Fuer shé baluihi an valsim. Níor haingh a baluihi shin lesh. An neómat sun díreach ish ea d'oibirig an bolamac d'ól Don Cíchóté sar ar brishag an buidiàl. D'iúmpuig a guili agus do shdealag a roiv sa ghuili suas ishdeàch san-ayig er Hantsho! D'iúmpuig an dá ghuili, a guingiv a chéli, láirhach agus —— fáguimísh ansùn iad! Chô luah agus d'iad Santsho eirí do rih shé chun an asil chun rod égin áil as a mála, rod égin a ghiànhach tairifi ghò, dar lesh. Háini shé go dí an t-asal, ach fóruír giàr ní roiv än vála le fáil er an asal. Chimeád fear a táirni an mála, mar aduarag. Hit a lug er a lag a geart ig Santsho bocht nuer a chuíni shé er a méd shin; an mála agus a roiv aun imìhi agus an gá go crueg lesh.

"Ó vuish, ó vuish, ó vuishi!" er shishan, "cad a ghiànhad inéachor! Táim as mo veauir ig an nuin'uasal so! Nách oram a ví an donas nár àn sa vaili er mo hueneas a n-inead veh ag imeàcht er a guma so er fued duhy iasachda le duin'uasal atá fé ghrycht, nú fé ví-á égin a chuirean 'na ly er gur muarhlua aramála sgata cärach, agus gur ardry cúigi roihi caumayrcach! Imeód a vaili! Ní anhad a hili ige. Pé tuarasdal atá a teacht chúm, fácad ige é agus maha mé ghò é, an duin'uasal bocht. Agus a däv an ileáin úd a gheaul shé ghom, bíoch shé iga rou Tomás!" Ví a ucht anuas er ghroum an asil ige agus é á machnav agus a cayint lesh fén er a guma sun.

Ví Don Cíchóté haul shínti er a móhar. Ví Rósinante er häv an vóhir agus é a piuca an ér ghluish do fén er a huencas. Tar ésh tamuil d'eirig a roduiri agus háini shé agus do riug shé er an srien agus chiúla shé fén agus an capal anún go dí an áit 'na roiv Santsho agus an t-asal. Chnuic shé an ghruem go lér et a ngiula.

"Cah ghíot an ghruem, a ghiula," er shishan, "'is mairig a báitear a n-aum an anuihi, mar tagan an ghrian a nie na fearhana.' Ta gahän rod a gváil 'nár guingiv chô fada inìsh ní fédir gan aharú heacht go luah. Ní leanan ayimshir vreá a gôny. Ní lú ná mar a leanan droh-ayimshir a gôny. Ná dineach mo hriubalóidíshi än vuert doit. Nílean tú fén páirteach unta."

"Nílim páirteach unta, an ea, a ghuin'uasil"! ersa Santsho. "Másh ea b'édir nách mishi, ach duini égin eli, a fuer marcycht an fúca er a blaingcéad úd iné! Agus is dócha goma le duini égin eli na mály a ví er an asal so. Táid shiad imìhi pé duini goma lesh iad."

"A vuil na mály imìhi!" ersa Don Cíchóté.

"Nílid shiad ansò pé'r dôun é, a ghuin'uasil," ersa Santsho.

"Má 's mar shin é níl än rod len ihi aguing!" ersa Don Cíchóté.

"D'aìrís t'onóir á reá," ersa Santsho, "nách gá do roduiri fáin än easba bíg a veh er chuíhi an aid a gheyn shé lynacha a fás as a dalav, mar go míon ólas ige er conas bie vuint asda."

"Mar shin fén, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "b'eár lium bulóg vah aráin inìsh na iad mar lynacha. Ach tar er muin an asil shin, a ghiula agus tiànam ort. Tugan Die, mola go deó lesh, rod len-ihi dos na coravíoluiv. Ní hréci shé shingna inìsh, go muar muar ós a diànav a herivíshi atáimíd. Cuirean shé an ghrian a taing hav er gahän duini, idir olc agus mah. Cuirean shé an earhing a titim a n-éneacht er a nuini fónta agus er a nroh-ghuini."

"Is agal lium, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "gur ghin t'onóir dearûd den ghairim beaha ba cheart doit a veh agùt."

"Conas sun inìsh, a ghiula?" ersa Don Cíchóté.

"Asdó, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "measim gur feár a ghiànfá sheanamóin ná mar a ghinean tú roduireacht fáin."

"Is ortsa atá an dearûd, a ghiula," ersa Don Cíchóté. "Ní fláir don roduiri fáin an ili hays óluish a veh ige. Ní fláir dò veh ábalta er heanamóin a ghiànav, nú er än tays eli cayinti ghiànav, as côir pobuil nú as côir än duini aváin, as côir a ghiula, cuir a gás, chô mah agus a ghiànhach shé troid a lár caha nú córac änuir. Níor vuin an tlea ryav an bior den feaun, ná an peaun den tlea."

"B'édir é, a ghuin'uasil. Bíoch agùt," ersa Santsho. "Ach níor vuar dúing brosdú as sò agus lóishdín do hláhar dúing fén a góir na híhi. Go duga Die ná beg än flaingcéady aun, ná locht cahav anáirdi, ná púcy, ná locht drychda. Agus má víon gurab é an dial a viarhig lesh iad idir chorp ceart!"

"Cuir do ghy suas chun Dé, a viceó," ersa Don Cíchóté, "agus shól mi pe treó 'nar mah leat é. Ach tar ansò agus cuir do läv ishdeàch am biàl fiàchuint an mó fiacal atá imìhi uem."

Chuir Santsho a viàr ishdeàch sa viàl agus chroum shé er chuardach muarhímpal.

"An mó fiacal a ví igat' onóir er a däv so?" er shishan.

"Cherhi cíng," ersa Don Cíchóté, "a n-iàmuish na sdariacuili agus iad go lér go láidir, agus gan än léc a n-än cheaun acú."

"Cuínig cad tá agùt á reá, a ghuin'uasil," ersa Santsho.

"Ta's agùm go mah, a ghiula, cad tá agùm á reá," ersa Don Cíchóté. "Cherhi cíng agus an choriacal atá agùm á reá."

(*Ní críoch*).

## XXVII.

"Má shea, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "táid shiad go lér imlh. Níl fiacal ná coriacal sa täv so ded' viàl lastuas. Tá an áit chô loum lium' baish, agus níl lastís aun agùt ach fiacal agus leah-iacal."

"Táim creachda!" ersa Don Cíchóté. "B'eár lium gur lâv a vèach buinti ghíom, ach nár v'í an lâv gheas í. Biàl gan fiacala, a ghiula, is cuma é nú muilean gan bróinti. Is mó is fiú iacal ná cloch lóvar. Ach níl än leis er inìsh. Cafar veh sásda. Nihi den tórd sun atá a nán don roduireacht agus ní fláir cur suas leó. Tar er an asal, a ghiula, agus comáin leat agus leanhadsa hu chô raeg agus is mah leat é."

Chueg Santsho er muin an asil agus chueg Don Cíchóté er muin Rósinante agus do ghluashadar arän, a snâv fan a vóhir, go raeg agus go ruín. Ví an shgiàl go holc acù arän. Ví tart agus ocaras agus tuirshi er a mert mar ví na mály imlhi agus ní roiv än vlúiri bíg ná dí acù. Ach ba huarach le rá an tart agus an t-ocaras a ví er Ghon Chíchóté shochas an tengeas a ví 'na viàl agus na häv. Ví trua ig Santsho ghò nuer a hug shé fé neara a ghéri a ví an tengeas er agus duert shé lesh fén go m'édir, dá mefí a cayint lesh, go mälóch an chayint an tengeas. Chroum shé er chayint.

"Táim á chuineav, a ghuin'uasil," er shishan, "gur b'é rod fé neár na tiubuishdi sho go lér atá taguihi oruing ná an peaca atá diànta igat' onóir a guingiv na roduireachda."

"Agus cad é an peaca é shin, iriú, a ghiula?" ersa Don Cíchóté.

"Ghearavuish, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ná hisfá ghá véli er än vórd agus ná colófá ghá íhi a n-än tig go dí go diucfá suas le Malandrínó úd, an Mórach, nú pé ainim sho agùm er, agus go muinfá a chlogad dè. Do vrishish an leour sun, nú, rod is cuma nú é vrishi, níor chólionuish é."

"Dar so 's súd, a ghiula, ach tá an ceart agùt!" ersa Don Cíchóté. "D'imi shé as mo cheaun glan. Agus fiàch, háinig an tiubuisht úd an fláingcéd ortsa mar gheaul er a vailí a ghinish le gan a chur a n-úil dom go roiv an dearûd sun agùm á ghiànav."

"Conas iatach än vileán a veh oramsa sa shgiàl, a ghuin'uasil!" ersa Santsho. "Níor hugasa än leour, agus nuer nár hugas leour conas iatuing leour a vrishi."

"Níor huguish än leour ach ní häran sun tú. Tyn tú páirteach sa n-olc a dineag mar tyn tú páirteach sa vailí a dineag," ersa Don Cíchóté.

"Má shea, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "shachuin agus ná leog as do chuíni an gnó irísh, le hagala go diucach na púcy úd a trial oram agus go dúrhidísh cuerd eli er a blaingcéad dom! Tagan meyrán am' cheaun fós nuer a chuínim er a gahav anáirdi úd!"

Hit an íhi orha agus iad a cayint agus a cur trí chéli er a guma sun. Ví an íhi äna ghoracha ach chomáineadar leó. Ví an t-ocaras orha agus ví Don Cíchóté a brah er go muelhach tig ósda úmpa luah nú maul er a móhar poibilí shin.

Nior vuel än tig ósda úmpa. Tagan doirihacht na híhi go hoban sa tír sho na Sbáingi. Is er égin a ví an ghrian tar ésh dol fé nuer a ví duv na híhi orha. Víodar a dol er ayig fan a vóhir chô mah agus d'iadadar é sa doirihacht. Casa nú úmpáil den vóhar dar chuireadar díov chnucadar a diànav orha, an bóhar ciàna, iàcht de réltínív soluish agus iad a crih agus a lémirig anún 's anaul. Háinig sgâura er Hantsho. Ví shé lán deinihach gur v'iad an slua shí iad. Háinig creahán er agus do héd fuar-alas amàch trína valuiv beaha go lér. Ní roiv Don Cíchóté fén gan royint agala er. Do sdad an vert er a móhar agus iad a fairi er na raeltínív agus na raeltíní a teacht 'na dreó go raeg, agus iad a ruíngci agus a lémirig agus a boga anún 's anaul, agus iad a dol a méd fé mar a víodar a teacht. Ví Santsho a crih agus a cur aluish dè agus vohig Don Cíchóté mar vèach a ghrueg ag ejrí 'na sheasav er a chloigean.

"A Hantsho!" ersan roduiri, "tá shé buelti ishdeach am' aigini go meg cä agùm anócht er iàcht a ghiànav n'ír ghin roduiri fáin a lihéd ryav fós a n-än fáirt den dôun!"

"Die lium'anam! a ghuin'uasil," ersa Santsho, "cad a ghiànhad inéachor má's púcy iad agus má tá plaingcéad acù! Má víd shiad sun go lér am' chahav anáirdi maireóid shiad er fad mi sar a leocuid shiad uaha mi!"

"Pe says iad ní leocadsa ghóiv buint leat an trus so, marab unan agus an uer eli úd, nuer nár iadas dol har páili ishdeàch chúha. Níl än fáili ansò idir mi agus iad. Tá shlí agùm ansò chun mo chluív do láivshail agus d'imirt orha. Ná bíoch cesht ort!"

"Ach cad a ghiànhad a ghuin'uasil," ersa Santsho, "má chuirid shiad fé ghrycht tu mar a ghineadar an uer úd! Cad é an tairifi shlí osguilti ghoit má víon tú fé ghrycht acù! Ó Die lium'anam!"

"Esht do viàl, a ghiula," ersa Don Cíchóté, "agus bíoch mishneàch égin agùt. Is geár go guirhadsa a n-úil doit nách gá ghoit än agala veh agùt rómpa má's diel ó ifirean fén iad agus ní derim ná gur b'ea."

Nior v'ada gur hugadar fé neara, a measc na raeltíní, mar vèach duíni, agus mar vèach lénteacha geala orha. Nuer a chnuic Santsho na duíni, dar lesh, agus na lénteacha geala orha do chroum a iacala er veh a buala er a chéli agus ví shé a rocht titim er a chosiv le neart agala. Ví tímpal fihi duíni aun agus na lénteacha geala orha agus iad er chapuiliv agus rod mar vèach cóishdi duv a teacht 'na nieg, agus sheshar marcàch a nieg an chóishdi agus lénteacha dú orha, agus ní her chapuiliv a ví an sheshar sun ach er viúiliv, mar ví na lénteacha dú shys, geaul lesh go talav leó.

Ví crónan égin brónach, uegineach, er shúl ig an guid acù a ví ins na lénteachuiv geala, agus ví an chualacht go lér a gluashacht go hana-rég agus cuínli er lasa acù 'na lâiv. Ví an íhi ana-chiúin. Fé mar a hánadar a ngiuràcht don vert do viàduig an sgâura er Hantsho. Níor var shin âfach do Ghon Chíchóté. Is âuluig a háinig ana-vishneàch dò, agus do luig a ghrueg anuas er a cheaun irísh, nuer a fuer shé gur ghuíni sälta iad. "Shea," er shishan an'aigini fén.

*(Ní críoch).*

## XXX.

"Tu fén fé neár é," ersa Don Cíchóté. "Hánúir ansò agus lénteacha bána er chuid aguiv agus lénteacha dú er chuid aguiv agus sílshi er lasa aguiv agus shiv go lér a crónán, a dreó gur ghó le hän Chríosdy gur ghiel inís ó ifirean shiv! Tar ansò, a ghiula," er shishan le Santsho. Níor leog Santsho èr gur airi shé é. Ví gnó lesh fén igè á ghiànav. An miúil go roiv na mály bíg agus dí er a vuin d'an shé a nieg na cod' eli agus ví shé ig ingíor dò fén a níg an vóhir. Do hárla go vuer Santsho greim er agus go roiv na mály bíg igè á vuint dè, agus é á socarú go críochnûil agus go slachdvar er muin an asil a ví igè fén. Nuer a ví an socarú sun diànta igè háini shé. Hógadar eatorha an fear bocht a ví er lár agus hugadar iaracht er é chur er vunuiv a chos. Tar ésh tamuil vig d'iad shé sheasav. Tar esh tamuil vig eli d'iad shé cúpala cishcém a chiúl. Er baul do fuarag, bíoch go roiv an chos gortuihi go mah, ná roiv shí brishdi. Chuireadar anáirdi er a miúil é, a n-ihead an víg, agus duaradar lesh airi húirt dò fén agus a chomaráduihi do leanûint.

"Nuer a hucuir suas leó," ersa Don Cíchóté, "goiv mo leashgiàlsa leó mar gheaul er a shgílí úd a hugas dóiv, ach abuir leó ná roiv leis agùm er, mar gur veasas gur vihúnuig iad, nú marar vihúnuig iad gùr ghiel ó ifirean iad, agus go roiv ceanguilti oram iad do hroid pé says iad."

"Agus abuir leó," ersa Santsho, "gur b'é duini a hroid leó agus do chuir an ruag agus an tehi orha ná Don Cíchóté de la Mantsha, an gaishgíoch uasal, an roduiri gurab ainim agus sluingi ghò an Roduiri Gruama!"

D'imig fear na coshi brishdi nár brishag, agus nuer a ví shé imìhi d'iúmpuig Don Cíchóté er Hantsho agus d'iàch shé go giàr er.

"Cad a chuir ishdeàch at' cheaun, a ghiula," er shishan, "'an Roduiri Gruama' húirt oram?"

"Tu fén a chuir ishdeàch am' cheaun é, a ghuin'uasil," ersa Santsho.

"Mi fén!" ersa Don Cíchóté. "Conas iatuing rod do chur ishdeàch at' cheaunsa nár háinig än vachnav dè ishdeàch am' cheaun fén?"

"Asdó, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "nuer a chnuc tú a lémirig anún 's anaul a troid agus a côrac lesh na duini drychda úd veasas ná feaca ryav ayig duini a fiàchuint chô gruama agus d'iàch t'ayig dom, a ghuin'uasil. Ach is dócha gur do viàl a veh gan fiacala fé neár é. Pé rod fé neár é d'iàchuish ana-ghruama."

"Is cuma cad fé neár é inìsh ach táim ana-väch díot mar gheaul er. Ní fláir do roduiri fáin tedeal fé leh a veh igè. Táim a cuardach am' aigini fén le fada a diaruig cuíneav er hedeal fé leh ghom fén agus ví a tep glan oram go dí gur louruishi an focal sun inìsh beog lesh a vear sun a gh'imig. Huguish 'an Roduiri Gruama' oram. Ní roiv tedeal fé leh ryav ig roduiri fáin leah chô deas ná chô neàchoitianta lesh a dedeal sun! Ní fédir lium a hishgint cad a chuir an focal ishdeàch at' cheaun. Is dócha gur b'é an fáig atá chun achdara mo veahasa do shgrí er baul, gur b'é chuir an focal ishdeàch at' cheaun, mar is focal é a gh'iàchuig go hana-gheas sa leour. Táim bäch den áig agus díotsa, a ghiula. Tá ins na leouruiv á lés, 'Roduiri na Rygan,' mar hedeal fé leh ig roduiri acù; 'Roduiri an Fénics,' ig duini eli acù; 'Roduiri an Ghríofa' ig duini eli; 'Roduiri an Vásh' ig duini eli; agus mar shin dóiv. Ach níl än tedeal chô mah lesh 'an Roduiri Gruama' ig éngi acù go veacasa cúntas èr ins na leouruiv. Táim ana-väch den áig agus díotsa, a ghiula!"

"Aililiú!" ersa Santsho, agus do hep er a hili do reá.

"Ní muar ghom," ersa Don Cíchóté, "chô luah agus veg cä agùm er, ayig duini agus an ayig shin a fiàchuint ana-ghruama, do fénteáil er mo shgéh ansò, a dreó, gahéngi gh'iàchuig er a shgéh go meg is igè gur mishi an fear eriric, an Roduiri Gruama."

"Anday, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ní gá ghoit än fectiúir gruama do chur er do shgéh, mar, gahéngi iàchuig sa n-ayig ort fén beg is igè, er a giad avarc, nách roduiri gruama go dí hu!"

Vuin sun gáiri as an roduiri. Ach níor lean an gháiri avàd. Háinig ní chun a aigini a vuin an fún gáirí go tapuig dè.

"A ghiula!" er shishan.

"Teacht, a ghuin'uasil," ersa Santsho.

"Tá agal oram go vuilim fé easguini na Haguilshi! Tá agal oram go vuilim fé chuingeal-váh! Má's saguirt iad súd go roiv na lénteacha bána orha táim damanta! Cuir ró-hroum isheà sagart do vuala."

"Cavas doitshi ná ghôsa, a ghuin'uasil gur haguirt iad! Vís fén lán deinihach nár ghuíni sälta inéachor iad. Cheapas gur hyfry iad agus ví sgâura oram le hagala go m'édir go roiv plaingcéad acù agus go mèach gachara drus acù oruing arän, ár gahav anáirdi er a blaingcéad go dí go diucach an lá oruing."

"Agus, inìsh a chuínim er, cavas dom, inìsh fén, er haguirt inèachor iad!" ersa Don Cíchóté.

"Is fíor, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "agus fiàch, a ghuin'uasil," er shishan, "tá tart agus ocaras oruing, agus tá an bie agus an deoch ansò agùmsa, er muin an asil sho. Ná bèach shé chô mah aguing dol a leatuív a maul égin agus rod égin a gh'ihi."

"Ní muar dom dol agus fiàchuint sa chóishdi shin haul," ersa Don Cíchóté, "fiàchuint cad é an says an duini marav, nú a vuil shé marav er fad."

"Má tá shé marav, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "tá shé ó väl. Ní iatuig än rod än díováil a ghiànav dò. Ní mar shin dúingna. Má's iàgruas a vairiv é b'édir go dócuimísh an galar ueg! Is feár, dar liumsa, gan dol 'na ghuiri. Dá làmuish shin a ghuin'uasil, iad súd gur chuirish an tehi orha b'édir nuer a hicidísh ná roiv chúha ach än ear aváin go diucach mishneàch dóiv agus go diucuidísh har n-aish. Ansùn b'édir na bèach shé chô hirishdi an ruag do chur an tarna huer orha."

*(Ní críoch)*

## XXXII

"Dá ma vah leat é, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "do neóssing shgiàl doit. Nú b'édir gur v'éar le t'onóir túirleacan agus ly ansò er a dalav atá go breá tirim, agus greas a chola ghoit fén, fé mar a derir is gnáh le roduiriv fáin a ghiànav nuer a víon tuirshi ró-vuar orha."

"Ná tràcht numsa, a ghiula, er chola ná er huan an aid atá an cah uahásach sun er shúl ansúd agus mi ag éshdeacht lesh! Má tá shgiàl agùt le hínshint dom inish dom é agus éshdead chó mah agus a leocuig foharam an chaha sun dom éshdeacht le hän rod eli ach lesh fén."

"Tá go mah, a ghuin'uasil," ersa Santsho. "Táim inìsh díreach a tosanú an shgél. An rod a ví ish é a ví. A vah oruing go lér agus a ví-vah er ár nâuid, ó ish iad atá a ruih a nieg an uilc! Agus mar ader an Róvánach úd Cato an ghlureáin 'an t-olc don té víon a lorag an uilc." Agus ish é brí atá lesh shin a ghuin'uasil ná so, shé shin gur ceart dot'onóir do hueneas a cheapa agus gan veh a ruih er fued an dúin a lorag an uilc. Gur v'eára ghúing úmpáil agus bóhar égin eli húirt oruing, mar go dein nílimíd a dol ach ó sgâura go sgâura mar atá aguing."

"Comáin leat, a ghiula, agus inish an shgiàl, má tá shgiàl agùt le hínshint agus fág fúmsa socarú er cad é an bóhar a gheóimíd," ersan roduiri.

"Tá go mah, a ghuin'uasil," ersa Santsho. "Ví fear óg 'na chôny tráh a Nestremadúra agus éri cärach a b'ea é, ní hea, âfach, ach éri gour a b'ea é, agus Lópach Rua a tugtí mar ainim er. Ví an t-éri cärach sun, nú an t-éri gour sun, nú an Lópach Rua sun, ví shé a ngrá le shgiúirshi de chailín luah láidir óg 'nar v'ainim dì Toralua. Iníon éri a b'ea an shgiúirshi de chailín luah láidir shin, agus éri ana-hevir a b'ea a hahir——"

"Má leanan tú er a guma sun, a ghiula, a rá na vocal irísh agus irísh eli," ersan roduiri, "ní veg an shgiàl ínshdi agùt laishdìg de ghá lá! Inish an shgiàl go deas cruingihi conggarach, mar a ghiànhach dúini cialvar, nú eirig as!"

"Táim á ínshint er a guma 'nar hínshag dom é a ghuin'uasil," ersa Santsho. "Ni iatuing go deó é gh'ínshint er än chuma eli. Agus go dein ní ceart dot'onóir a gh'iaruig oram nós nó ghiànav agus go ner an sheanocal ling 'ná brish nós agus ná din nós.'"

"Inish é pé cuma 'nar mah leat é, ó's égean dom fanúint ansò agus éshdeacht lesh," ersan roduiri.

"Shea, a ghuin'uasil, mar aduart, ví an t-éri úd, an Lópach Rua, ví shé a ngrá lesh a gailín, le hinion an éri hevir úd. Shgiúirshi de chailín luah láidir mishniúil a b'ea í. Ví shí chô láidir chô mishniúil le fear óg. Agus go dein do tugag fé neara go roiv iaracht de rod égin a vuirim fiàsóigi a fás er a biàl uachduir, ig cúingi a bél, er gach táv."

"Iriú an-âuluig a ví aihini agùt erhi?" ersan roduiri.

"Ni hâuluig, a ghuin'uasil," ersa Santsho, "ach an fear a gh'inish an shgiàl dom duert shé lium go roiv an ili ocal den shgiàl fìor, agus dá meng ig ínshint an shgél chuíhi nár vishdi ghom a gh'ínshint díreach mar a neóssing é dá vicing gach ní aun lium' húiliv fén. Nár vishdi ghom an leour a húirt go roiv an ili ocal dè fíor. Ví an grá go hana-vuar ig an Lópach Rua do chailín na fiàsóigi bigi, ach mar is gnáh, háinig an mac malàchduin agus ghin shé toirimeasc eatarha. Ví's ici go roiv an grá muar ig an Lópach dì ach a n-inead än ghrá do hisbeáint dò is âuluig a ghin shí gahän díhal a gh'iad shí chun a hisbeáint dò ná roiv än veaun ici er. Ghin shí nihi ba veasa ná sun fén. Ghin shí gahän díhal a gh'iad shí chun iàda do chur er. Ish é rod a háinig as an dá ghíhal sun don Lópach Rua ná go dáinig fuah fíochvar igè ghì a n-inead an ghrá. Háinig an fuah chô níneach sun igè ghì gur hocara shé er imeàcht er fad as an áit agus dol chun cônuihi a dír égin eli a dreó ná fiċeach shé a gahav a sél irísh í! Vaili shé a roiv de ghouruiv igè agus chomáin shé ruimish amàch iad trí vachuiri Estremadúra, a dreó na tíri er a dugtar Portugal. Nuer a fuer an cailín go roiv shé imihi agus gur le fuah ghì fén a ví shé imihi háinig grá ici ghò, grá chô muar díreach agus a ví igè ghì a dusàch."

"Shin mar is gnáh le mnáiv a ghiànav a gôny," ersan roduiri, "díveas a húirt don té a hugan grá ghóiv agus ansùn grá húirt don té hugan fuah ghóiv. Comáin leat."

"Ví an grá chô muar sun ici ghò gur hocara shí er imeàcht 'na ghieg. D'imi shí 'na cuish, coslomarachda, cleh 'na láiv agus mála beog er a gualuing ici. Dertear gur v'iad rody a ví sa vála veog ici ná sgaháinín gluini agus raca beog dá grueg, agus proicín beog by 'na roiv says égin pénti aun ici chun veh ghá chimilt dá hayig. Ní eadar a roiv än rody eli sa váilín ici nú ná roiv.

"Ach háinig an Lópach Rua agus a hriàd gour go bruach na houn er a dugtar an Ghuadiana. D'uir dò a hriàd a vreh tar ouing. Ví tuili vuar san-ouing, âfach, agus níor v'édir dol anún treasna na houn ach le bád. Ví shé a grua-chás. Ví's igè go roiv cailín na fiàsóigi er a hóir. Ví shé a fiàchuint 'na hímpal fiàchuint a viceach shé bád a n-âval. Fé gheri chnuic shé iasguiri agus báidín ana-veog igè. Ní iaiaris dol anún sa váidín ach än ghour aváin agus an bádóir. Ví trí chiàd gour igè. Ní roiv än rod inéachor le diànav ach iad a vreh anún 'na geaun is 'na geaun. Do chuir an bádóir gour ishdeàch sa vád chuigi agus do riug shé anún an gour sun. Ví iàchuint èr veh ana-aireàch er fén agus er a ngour sun le hagala go lémhach an gour agus go n-iúmpófi an báidín agus go máli é fén agus an gour. Do riug shé an gour sun anún. Ansùn háini shé anaul agus do riug shé gour eli anún. Ví sùn go mah agus háini shé anaul agus do riug shé gour eli anún. Fiàch, a ghuin'uasil, led' hoil, cimeád cúntas cruing er na gouruiv a biàrfar anún, mar má chailean tú as a gôireav iread agus än ghour aváin ní fiadfar än ocal eli den shgiàl a gh'ínshint. Ní muar ghom a gh'ínshint doit, a ghuin'uasil, go roiv an port er a däv haul den ouing ana-liuch, ana-hlach, lán de ghruíb, agus go mìoch an bádóir bocht ana-ada a diaruig gahän ghour do chur suas er a bort er láiv hávála. Ach háini shé anaul agus do riug shé lesh anún gour eli; ansùn gour eli; ansùn gour eli."

(*Ni críoch*).